
Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

Clár **14**




### Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh.2

# Lár na Cathrach & na Dugaí – Dugaí Inmheánacha

Sainghné a bhaineann leis na Dugaí Laistigh mar limistéar is ea na foirgnimh chónaithe agus foirgnimh thráchtála atá suite ar gach taobh de Shráid na nDuganna agus Bóthar na nDuganna, mar aon leis na gníomhaíochtaí calafoirt agus tionsclaíochta a bhíonn ar siúl mórthimpeall na ndugaí tráchtála agus mórthimpeall fhoirgnimh an chalafoirt. Is i mbaol tuilte taoide atá an limistéar seo go príomha. Trí chosaintí a shuiteáil, tabharfar cosaint do na foirgnimh chónaithe agus thráchtála agus cuirfear cosc ar bhealach isteach ag uisce ar Lár na Cathrach. Le linn na chéad chéime eile, tabharfar faoi rannpháirtíocht iomlán leis an bpobal bádóireachta agus iascaireachta i ndáil le riachtanais rochtana.

## Ceisteanna maidir leis na Dugaí Laistigh




## Cúrsaí mar atá faoi láthair








## Rogha 1: Ailíniú Laistigh ar Shráid na nDuganna

Moltar don rogha seo an talamh mar atá faoi láthair ar feadh Shráid na nDuganna a ardú díreach faoi bhun leibhéil na n-urlár críochnaithe sna foirgnimh reatha agus balla cosanta tuilte a thógáil ar feadh ailíniú laistigh na ndugaí. Leanfaidh an balla cosanta tuilte ar Bhóthar na nDuganna meánlíne reatha an bhóthair idir an bealach isteach sna dugaí agus na lánaí tráchta. Beidh cosaint ag an gcarrchlós ar feadh Bhóthar na nDuganna taobh thiar den bhalla cosanta tuilte. Níl aon mholadh i gceist An Bothán i lár an chalafoirt a chosaint. Mar gheall ar chosaintí in-díshuite/ geataí tuilte, beidh bealach isteach ar an gcuan i gcónaí.


### Na Príomhghnéithe

1. Balla cosanta tuilte 0.9m ar feadh Shráid na nDuganna
2. An talamh mar atá faoi láthair a ardú 0.6 - 0.8m ar feadh an Duga
3. Cosán mar bhealach isteach ar an duga a choinneáil ar an taobh fliuch den bhalla cosanta tuilte
4. Balla cosanta tuilte 1m ar feadh Bhóthar na nDuganna












## Rogha 2: Ailíniú Lasmuigh ar Shráid na nDuganna


Moltar don rogha seo an talamh mar atá faoi láthair ar feadh Shráid na nDuganna a ardú díreach faoi bhun leibhéil na n-urlár críochnaithe sna foirgnimh reatha agus balla cosanta tuilte a thógáil ar feadh an chosáin reatha d'fhoirgnimh Shráid na nDuganna. Mar gheall air sin, is féidir airde an bhalla a laghdú go 0.4m ar a mhéad ionas go gcomhlíonfar caighdeán cosanta na scéime. Leanfaidh an balla cosanta tuilte ar Bhóthar na nDuganna meánlíne reatha an bhóthair idir an bealach isteach sna dugaí agus na lánaí tráchta. Ní bheidh cosaint ag an gcarrchlós ar feadh Bhóthar na nDuganna sa rogha seo. Níl aon mholadh i gceist An Bothán i lár an chalafoirt a chosaint. Mar gheall ar chosaintí in-díshuite/ geataí tuilte, beidh bealach isteach ar an gcuan i gcónaí.

### Na Príomhghnéithe

1. Balla cosanta tuilte 0.4m ar feadh Shráid na nDuganna
2. An talamh mar atá faoi láthair ar feadh Shráid na nDuganna a ardú 0.6 - 0.8m
3. Balla cosanta tuilte 1m ar feadh Bhóthar na nDuganna




## Rogha 3: Geata Taoide

Mar chuid den rogha seo, moltar an geata taoide atá ann faoi láthair a bhaint agus geata taoide nua ag a mbeidh dhá fheidhm a shuiteáil ina ionad sin trína mbeifear in ann leibhéal an uisce sna Dugaí Inmheánacha a choinneáil mar aon le cosaint a thabhairt in aghaidh an bhaoil ar thuilte cósta ó Chuan na Gaillimhe. Níor tugadh aon mholadh athrú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn na Dugaí Laistigh i láthair na huaire. Mar thoradh ar an ngeata taoide nua shuiteáil, beidh gá breise le cúrsaí oibriúcháin agus cothabhála a chur san áireamh. Tá ballaí cosanta tuilte beartaithe do gach aon taobh den gheata taoide. Tabharfar cosaint don Bhothán i lár an chalafoirt mar chuid den rogha seo.




**Is chun críocha léiritheacha amháin atá an léaráid ealaíontóra maidir leis na tograí a léirítear thuas. Is faoi réir dearadh mionsonraithe a bheidh an rogha scéime is mó a bhfuil luí leis, lena n-áireofar, ach gan a bheith teoranta do mheasúnaithe teicniúla, ceaduithe pleanála, rannpháirtíocht bhreise leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara agus ceanglais reachtúla nó rialála eile. D'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht sna hábhair tógála a úsáidfear agus sa bhailchríoch/chuma a bheidh ar na gnéithe.**


Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works
Comhairle Cathrach na Gaillimhe Galway City Council
BSM Est. 1968 Brady Shipman Martin. Built. Environment.
ARUP


Scála an Phóstaeir: A0